Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Meitheamh 2022**
**(OR. en)**

**10877/22**

**FIN 737**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 30 Meitheamh 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 315 final |
| Ábhar: | Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle: Réamhaisnéis fhadtéarmach maidir le hinsreafaí agus eis-sreafaí sa todhchaí i mbuiséad an Aontais Eorpaigh (2023-2027) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 315 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 315 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.6.2022
COM(2022) 315 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**Réamhaisnéis fhadtéarmach maidir le hinsreafaí agus eis-sreafaí sa todhchaí i mbuiséad an Aontais Eorpaigh (2023-2027)**

{SWD(2022) 175 final}

# Clár

**CLÁR....................................................................................................................................1**
1. Réamhrá.........................................................................................................................2
2. Réamhaisnéis ar eis-sreafaí bhuiséad an Aontais Eorpaigh 2023-2027.................................2
2.1. Íocaíochtaí i ndáil le gealltanais CAI 2021-2027.......................................................5
2.2. Íocaíochtaí as gealltanais roimh 2021 a chur i gcrích.................................................8
2.3. Saoradh.......................................................................................................................9
2.4. Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh ...............................................................9
2.5. Teacht chun cinn leibhéal na ngealltanas le híoc ......................................................11
3. Réamhaisnéis ar insreafaí bhuiséad an Aontais Eorpaigh 2023-2027..................................12
4. Conclúidí ......................................................................................................................13
Iarscríbhinn I – Torthaí na réamhaisnéise*.........................................................................15
Tábla 1.1 – Réamhaisnéis fhadtéarmach eis-sreafaí amach anseo thar 2023-2027 le haghaidh CAI15
Tábla 1.2 – Íocaíochtaí i ndáil le gealltanais CAI 2021-2027 ...............................................16
Tábla 1.3 – Íocaíochtaí as gealltanais roimh 2021 a chur i gcrích ........................................17
Tábla 2 – Réamhaisnéis maidir le saoradh ..........................................................................18
Tábla 3 – Réamhaisnéis fhadtéarmach na n-eis-sreafaí le haghaidh Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh.....................................................................................................19
Tábla 4 – Athrú ar na gealltanais iomlána le híoc ó 2023 go 2027 .......................................19
Tábla 5 – Réamhaisnéis fhadtéarmach maidir le hinsreafaí bhuiséad AE amach anseo thar 2023-2027 20

# 1. Réamhrá

Soláthraítear sa tuarascáil seo réamh-mheastacháin maidir le hinsreafaí agus eis-sreafaí bhuiséad an Aontais Eorpaigh thar an tréimhse 2023-2027[i]. Is é seo an dara heagrán den réamhaisnéis fhadtéarmach maidir le hioncam agus caiteachas a thagann as an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2021-2027[ii] as an gcéad eagrán eile d'Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh[iii], lena nuashonraítear na meastacháin a cuireadh i láthair i dtuarascáil mhí an Mheithimh 2021[iv].

Cumhdaítear sa réamhaisnéis na cúig bliana amach romhainn, i gcomhréir le hAirteagal 247(1 )( c) den Rialachán Airgeadais[v]. Tá an tréimhse i gcomhthráth den chuid is mó le tuarascáil na bliana seo caite, a mhair, i gcás eisceachtúil, thar seacht mbliana ó 2021 go 2027 chun forléargas cuimsitheach a sholáthar ar na hinsreafaí ioncaim ionchais agus ar na heis-sreafaí caiteachais faoi uasteorainneacha an CAI a glacadh as an nua an tráth sin.

In éineacht le meastacháin CAI, déantar nuashonrú sa réamhaisnéis seo ar réamh-mheastacháin na n-íocaíochtaí maidir le gach clár faoi Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh. Déantar an caiteachas sin, sa bhreis ar an gcaiteachas faoi CAI, a mhaoiniú go heisiach le fáltais ioncaim ó oibríochtaí iasachtaíochta ar na margaí caipitil.

Leantar gealltanais maidir le híocaíochtaí as buiséad AE. Tá na meastacháin sa tuarascáil seo bunaithe ar ghealltanais an chláreagraithe airgeadais a ghabhann le Dréachtbhuiséad 2023.[vi]. Áirítear orthu sin coigeartú[vii] AI maidir le rialacha agus cláir a ghlacadh go déanach faoi bhainistíocht chomhroinnte faoi Airteagal 7 de Rialachán CAI, na coigeartuithe clár-shonracha faoi Airteagal 5 de Rialachán CAI[viii] chomh maith le hathúsáid na ngealltanas maidir le saoradh faoi Airteagal 15(3)[ix] den Rialachán Airgeadais. A mhéid a bhaineann le hioncam, tá an réamhaisnéis bunaithe ar chóras ioncaim an Chinnidh maidir le hAcmhainní Dílse[x]. Breithnítear sna réamh-mheastacháin ioncaim freisin an Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach[xi] ("an Comhaontú um Tharraingt Siar").

# 2. Réamhaisnéis ar eis-sreafaí bhuiséad an Aontais Eorpaigh 2023-2027

Táthar ag súil leis go sroichfidh na híocaíochtaí EUR 1 156 bhilliún thar na chéad chúig bliana eile de CAI, lena n-áirítear EUR 873 bhilliún faoi uasteorainn íocaíochta CAI agus EUR 278 mbilliún le haghaidh thacaíocht neamh-inaisíoctha Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh.

Cuimsítear sa réamhaisnéis meastacháin maidir leis na coigeartuithe clár-shonracha amach anseo a eascraíonn as Airteagal 5 de Rialachán CAI agus maidir le hathúsáid an tsaortha faoi Airteagal 15(3) den Rialachán Airgeadais, a leithdháilfear sna blianta 2024-2027. Meastar go dtarlóidh, de thoradh na gcoigeartuithe clár-shonracha, coigeartú suas uathoibríoch ar uasteorainneacha CAI maidir le gealltanais agus íocaíochtaí EUR 9.4 billiún sa bhreis ar na coigeartuithe le haghaidh 2022 agus 2023 dar luach EUR 3.3 billiún san iomlán[xii]. Braithfidh an coigeartú bliantúil beacht ar an ioncam ó fhíneálacha iomaíochta sa bhliain roimhe sin ar mhéid foriomlán EUR 11 bhilliún (i bpraghsanna 2018) faoi 2027.

**Cairt 1 - Réamhaisnéis íocaíochtaí de réir catagóire (in EUR billiún)**




Ní dháiltear na híocaíochtaí réamhaisnéise ó bhuiséad an Aontais Eorpaigh go cothrom thar an tréimhse thagartha. Braitheann siad ar an teacht chun cinn a bhfuiltear ag súil léi ó: 1) céimniú isteach íocaíochtaí le haghaidh chláir nua CAI (66 % de na híocaíochtaí iomlána), 2) luas na n-eisíocaíochtaí faoi Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (24 % de na híocaíochtaí), agus 3) tabhairt chun críche gealltanas ón tréimhse 2014-2020 agus níos luaithe (10 % de na híocaíochtaí). Is é meán bliantúil measta na n-eis-sreafaí EUR 231 bhilliún, agus déanfar EUR 56 bhilliún a mhaoiniú trí iasachtaí a fháil ar na margaí caipitil i gcomhair chláir Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh.

Táthar ag súil go dtiocfaidh laghdú seasta ar na híocaíochtaí thar an tréimhse sin i ndiaidh buaicphointe in 2023, arna spreagadh go príomha le tús-ualú Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh. Táthar ag súil le teacht aniar sealadach ar eis-sreafaí in 2026, nuair a chaithfear gach íocaíocht deiridh faoi Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh a bheith curtha i gcrích. Ó 2027 i leith, cuimsítear sa réamhaisnéis íocaíochtaí faoi chláir CAI 2021-2027 amháin beagnach.

Ag díriú ar an gcaiteachas faoi CAI reatha agus críochnú na gclár a bhí ann roimhe sin, is ionann meán na n-íocaíochtaí réamhaisnéise agus EUR 175 bhilliún, agus 2023-2024 faoi bhun an mheáin agus 2026-2027 os cionn an mheáin. Is é thart ar EUR 36 bhilliún an difríocht idir an bhuaicbhliain le haghaidh íocaíochtaí (2027) agus an ciste (2024). Chonacthas an patrún sin in CAInna roimhe seo freisin i ngeall ar dheireadh a chur de réir a chéile le híocaíochtaí dúnta na gcreataí airgeadais roimhe sin agus i ngeall ar na cláir nua caiteachais a bheith ag sroicheadh luas seasta go bunúsach sa dara leath de CAI faoi seach.

Is ionann an corrlach tuartha faoi uasteorainn íocaíochta CAI agus EUR 5.5 billiún agus EUR 11 bhilliún in 2023 agus 2024, faoi seach. Le haghaidh na tréimhse 2025-2027, d'fhéadfadh sé go mbeadh cuma dhiúltach an gcorrlach bliantúil i gcomparáid leis na huasteorainneacha íocaíochta reatha, agus an réamhaisnéis ag dul EUR 24.6 billiún os cionn na huasteorann le haghaidh na dtrí bliana le chéile. Níl sna diallta sin thar na blianta ach toradh ar an uasteorainn íocaíochta atá socraithe ar leibhéal seasmhach i dtéarmaí réadacha, agus táthar ag súil go leanfaidh an cur chun feidhme conair inathraitheach. De bhun shásra coigeartaithe uathoibríoch Airteagal 11(1 )( b) de Rialachán CAI, méadófar leis na méideanna nach gcaithfear in aon bhliain ar leith na huasteorainneacha le haghaidh na mblianta amach romhainn. Dá bhrí sin, leis na corrlaigh dhearfacha a bhfuiltear ag súil leo roimh 2025 méadófar na huasteorainneacha in 2025-

2027 (laistigh de na teorainneacha a leagtar síos le hAirteagal 11 (3) de Rialachán CAI). Agus an coigeartú sin agus an coigeartú clár-shonrach amach anseo faoi Airteagal 5 de Rialachán CAI (lena ndéanfar méadú EUR 9.4 billiún sa bhreis ar na huasteorainneacha íocaíochta) á gcur san áireamh, tá an réamhaisnéis íocaíochta reatha le haghaidh na dtrí bliana deiridh de CAI comhoiriúnach le huasteorainn fhoriomlán íocaíochta CAI 2021-2027.

**Cairt 2 - Réamhaisnéis íocaíochtaí i gcomparáid le huasteorainn íocaíochta CAI (in EUR billiún)**




## 2.1. Íocaíochtaí i ndáil le gealltanais CAI 2021-2027

Is ionann an beartas comhtháthaithe agus an Comhbheartas Talmhaíochta (CBT) agus níos mó ná leath na n-íocaíochtaí measta a eascraíonn as CAI 2021-2027. Dá bhrí sin, tá an réamhaisnéis fhadtéarmach bunaithe den chuid is mó ar chur i bhfeidhm réamhaisnéise an dá bheartas sin.

### Ceannteideal 2a - Beartas comhtháthaithe

Is é EUR 177 mbilliún réamhaisnéis na n-íocaíochtaí thar 2023-2027 maidir le cláreagrú nua an bheartais chomhtháthaithe, thart ar EUR 8 mbilliún níos lú ná mar a tuaradh i réamhaisnéis na bliana seo caite. Leis na moilleanna níos suntasaí[xiii] maidir le seoladh thréimhse chláreagraithe 2021-2027 múnlófar na híocaíochtaí thar an gcuid eile de CAI. Níor glacadh aon chlár náisiúnta in 2021, agus é tuartha go bhformheasfar gach rud faoi dheireadh 2022. Mar thoradh ar phaindéim COVID-19 agus ar an ngá atá le tionscnaimh téarnaimh a chomhtháthú sa phacáiste reachtach a bhí faoi chaibidil le linn 2020, glacadh na gníomhartha dlíthiúla ábhartha níos déanaí, rud a thugann míniú ar na moilleanna a tugadh faoi deara den chuid is mó. Anuas air sin, d'fhéadfadh go raibh ról ag fócas na n-údarás náisiúnta ar chur chun feidhme Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh ann chomh maith. Is é an toimhde theicniúil maidir leis an réamhaisnéis sin go dtosóidh na Ballstáit, ó 2024 amach, ag fáil na moilleanna a carnadh le linn 2021-2023 ar ais go páirteach agus go sroichfidh siad luas cur chun feidhme a bheidh inchomparáide leis an tréimhse 2014-2020 i dtreo na mblianta deireanacha de CAI. Déantar é sin i gcomhthéacs éiginnteacht mhéadaithe mar gheall ar an éagobhsaíocht gheopholaitiúil agus eacnamaíoch reatha, chomh maith le heaspa an tagarmhairc stairiúil ábhartha chun cur chun feidhme san fhadtéarma a thuar.

Tá rioscaí ar an taobh thuas agus ar an taobh thíos leis an réamhaisnéis seo. Féadfaidh na Ballstáit iarrachtaí breise a dhéanamh dlús a chur leis an gcur chun feidhme ó 2023 ar aghaidh agus d'fhéadfaí luas chur chun feidhme na tréimhse cláreagraithe roimhe sin a bhaint amach níos luaithe. Féadfar dlús a chur leis na híocaíochtaí freisin i ndáil leis an tionscnamh REPowerEU[xiv] faoinar mhol an Coimisiún go mbeadh an deis ag na Ballstáit suas le 12.5 % dá leithdháiltí comhtháthaithe a aistriú chuig an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (nach bhfuil léirithe sa réamhaisnéis), ag baint leas as an bhféidearthacht um aistriú 5 % atá ar fáil cheana féin agus ag cur 7.5 % leis an bhféidearthacht um aistriú i ndáil le cuspóirí REPowerEU amháin. Os a choinne sin, mura dtugann na Ballstáit faoi iarrachtaí breise, beidh moill bliana

ann fós. Dá réir sin, chuirfeadh sé sin moill ar íocaíochtaí agus d'fhéadfadh leibhéal ard gan fasach maidir le saoradh a bheith mar thoradh air mar gheall ar rialacha saortha N+3.

**Cairt 3 - Réamhaisnéis na n-íocaíochtaí do Cheannteideal 2a (gealltanais CAI 2021-2027), agus cásanna ar an taobh thuas agus ar an taobh thíos (in EUR billiún)**




## Ceannteideal 3 - An Comhbheartas Talmhaíochta (CBT)

Léirítear sa réamhaisnéis íocaíochtaí do Cholún I de CBT – EUR 208 mbilliún thar 2023-2027 - an clársceidealú airgeadais is déanaí agus aistriú na mBallstát idir an dá Cholún de CBT.

Contrártha don bheartas comhtháthaithe, níltear ag súil le moilleanna ar bith ar chur chun feidhme Cholún II – an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) – mar gheall ar na forálacha idirthréimhseacha dhá bhliain, lenar cuireadh síneadh le cláir 2014-2020 go dtí 2022. Ós rud é go bhfuil a bPleananna Straitéiseacha curtha isteach ag na Ballstáit go léir maidir leis an CBT nua, táthar ag súil go gcuirfear tús le cur chun feidhme éifeachtach chláir 2023-2027 cheana féin in 2023, bliain amháin níos luaithe ná mar a glacadh leis i dtuarascáil réamhaisnéise mhí an Mheithimh 2021.

Cuimsítear sa réamhaisnéis íocaíochtaí a eascraíonn as CAI 2021-2027 íocaíochtaí atá nasctha leis an dá sciar dheireanacha (2021 agus 2022) den chleachtadh cláreagraithe roimhe sin freisin. Táthar ag súil go mbeidh siad clúdaithe le híocaíochtaí go dtí 2026 (féach Pointe 2.2. Íocaíochtaí ar ghealltanais roimh 2021).

Agus cláir 2014-2022 CETFT ar an mbóthar ceart agus pleananna nua CBT á bhformheas, táthar ag súil go gcuirfear CETFT chun feidhme go seasta. Táthar ag súil le roinnt diallta bliantúla thar 2024-2027, áfach, agus comhchruinniú áirithe íocaíochtaí in 2026 mar gheall ar an bhforluí idir críochnú na gclár roimhe seo (faoi riail saortha N+3) agus céimniú isteach níos tapúla na gclár nua (faoi riail saortha N+2). Ina theannta sin, féadfar íocaíochtaí CETFT a luathú i ndáil le tionscnamh REPowerEU, ar an dóigh chéanna le cistí an bheartais chomhtháthaithe (féach pointe thuas).

## Cláir agus ceannteidil eile

Tá méadú tagtha ar an réamhaisnéis íocaíochtaí thar an tréimhse cúig bliana thar na ceannteidil eile go léir a eascraíonn as meascán de roinnt tosca:

- Le tionscnaimh nua amhail Nascacht Shlán an Aontais[xv] agus an Ionstraim Eorpach um Shliseanna[xvi] déanfar íocaíochtaí a thús-ualú, faoi Cheannteideal 1 den chuid is mó.

- Leis na dúshláin gheopholaitiúla is déanaí, glactar leis go bhfuil íocaíochtaí na gclár faoi Cheannteideal 4 - Imirce agus Bainistiú Teorainneacha, Ceannteideal 5 - Slándáil agus Cosaint, agus Ceannteideal 6 - Comharsanacht agus an Domhan á luathú.
- Mar thoradh ar thosú moillithe roinnt clár in 2021 athdháilfear íocaíochtaí sna blianta ina dhiaidh sin. Baineann an t-athrú níos suntasaí maidir le réamhaisnéis na bliana seo caite le Cúlchiste Coigeartaithe Brexit ina ndéantar foráil leis an ngníomh dlíthiúil arna ghlacadh i leith dáileadh[xvii] níos cothroime íocaíochtaí thar na blianta i gcomparáid leis an togra ón gCoimisiún maidir le tráthchuid mhór réamh-mhaoinithe, lenar cuireadh taca faoi réamhaisnéis na bliana seo caite.

## 2.2. Íocaíochtaí as gealltanais roimh 2021 a chur i gcrích

Déantar an réamhaisnéis íocaíochtaí chun gealltanais roimh 2021 a chur i gcrích (RAL le haghaidh *reste à liquider*) a nuashonrú chun íocaíochtaí a rinneadh in 2021 agus atá beartaithe i mbuiséad 2022 a chur san áireamh. Tá an réamhaisnéis EUR 110 mbilliún do na cúig bliana amach romhainn ar aon dul, den chuid is mó, le réamhaisnéis na bliana seo caite cé is moite do dhifríochtaí bliantúla áirithe.

### Ceannteideal 2a - Beartas comhtháthaithe

Baineann an chuid is mó de na híocaíochtaí maidir le gealltanais roimh 2021 (58 %) leis an tréimhse chláreagraithe roimhe sin de chistí an bheartais chomhtháthaithe, atá faoi lánseol. Tá na réamh-mheastacháin íocaíochta bunaithe ar réamhaisnéis is déanaí na mBallstát (Eanáir 2022) agus ar fhaisnéis a fuarthas le déanaí maidir leis an gcur chun feidhme ar an talamh. Leis an nGníomhaíocht Chomhtháthaithe le haghaidh Dídeanaithe san Eoraip (CARE), arna moladh ag an gCoimisiún an 8 Márta 2022[xviii], beidh na Ballstáit ábalta dlús a chur le himlonnú gach cistiúcháin neamh-chlársceidealaithe faoin tréimhse 2014-2020, lena ndéanfar íocaíocht a thús-ualú go 2022 agus 2023. I gcomparáid le tuarascáil na bliana seo caite, is laghdú é sin ar an réamhaisnéis íocaíochtaí in 2024.

Críochnóidh an bhliain chuntasaíochta dheireanach do chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (ESI) i mí an Mheithimh 2024, ach réamh-mheastar an chuid is mó de na híocaíochtaí faoi dheireadh 2023. Maidir leis an dúnadh, agus an ráta coinneála agus an t-imréiteach réamh-mhaoinithe á gcur san áireamh, táthar ag súil go gcuirfear teorainn leis na híocaíochtaí i ndiaidh 2024.

### Ceannteideal 3 - An Comhbheartas Talmhaíochta

Táthar ag súil go gcríochnófar cláir oibríochtúla 2014-2022 ar aon dul le réamhaisnéis na bliana seo caite den chuid is mó. Áirítear gné nua leis sin, áfach, arb é sin tionchar na n-íocaíochtaí cnapshuime[xix] a moladh le déanaí d'fheirmeoirí agus do FBManna san earnáil próiseála bia. Dá réir sin, déantar íocaíochtaí a thús-ualú EUR 450 milliún ó 2024-2025 go 2023 leis sin.

### Cláir agus ceannteidil eile

Tá formhór mór (84 %) na n-íocaíochtaí le híoc do na codanna eile den bhuiséad scaipthe go cothrom idir Ceannteidil 1 - Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Digiteach agus Ceannteideal 6 - Comharsanacht agus an Domhan. Cé go bhfuiltear ag súil le gníomhaíochtaí cur i gcrích faoi Cheannteideal 1 níos luaithe ná meastacháin roimhe seo, déantar na hionchais nuashonraithe do thionscadail faoi Cheannteideal 6 a chúl-ualú níos mó i dtreo 2025-2026.

## 2.3. Saoradh

Is é EUR 7.6 billiún réamhaisnéis fhoriomlán an tsaortha thar 2023-2027, ar laghdú beag é i gcomparáid le réamhaisnéis na bliana seo caite de EUR 8.4 billiún. Tá roinnt athruithe suntasacha i gceist, áfach.

### Ceannteideal 2a - Beartas comhtháthaithe

Tá laghdú suntasach tagtha ar an saoradh maidir le cur i gcrích na gclár roimhe seo faoi chistí SIE, síos ó EUR 3.7 billiún go EUR 0.4 billiún. Tá sé sin mar gheall ar an ráta cómhaoinithe 100 % don bhliain chuntasaíochta 2021-2022 faoin tionscnamh CARE, rud a éascóidh ionsú iomlán agus lena ndéanfar an riosca um shaoradh le linn phróiseas dúnta na gclár a íoslaghdú.

Tá riosca éigin teoranta um shaoradh i gceist sna cláir nua chomhtháthaithe ó 2026 a leanann na toimhdí teicniúla céanna a úsáideadh do na meastacháin íocaíochta. Sa chúigiú bliain den tréimhse chláreagraithe nua, beidh na spriocanna maidir le saoradh i dtaca le gealltanais 2022 agus 2023 i bhfeidhm, ach chuirfeadh ráta cur isteach na n-éileamh moill fós leis an luas stairiúil mar gheall ar na moilleanna ag tosach na gclár. D'fhéadfadh laghdú teacht ar an riosca um shaoradh le luathú leordhóthanach an chur chun feidhme in 2024. Mura dtarlaíonn aon luathú, áfach, agus má bhíonn luas an chur chun feidhme gar do rátaí stairiúla 2014-2020 (lena n-áirítear moill bliana), thiocfadh méadú as cuimse ar an riosca um shaoradh. Leis an dianchás sin, nach gcuirtear aon mhoill shuntasach a bhaineann le tosú an chláreagraithe san áireamh ann, d'fhéadfaí cuid mhór de sciar athchláraithe 2021 a chailleadh go bunúsach.

### Ceannteideal 3 - An Comhbheartas Talmhaíochta

Baineann beagnach dhá thrian den réamhaisnéise maidir le saoradh faoi Cheannteideal CAI 3 le CETFT. Tá forbairt á déanamh i gcónaí ar an réamhaisnéis maidir le dúnadh chláir 2014-2022 CETFT ar an tuiscint go mbeidh feabhas ann i gcomparáid leis an tréimhse 2007-2013. Tá an toradh foriomlán níos ísle ná mar a bhí tuartha do 2021 nuair a chuirtear san áireamh an tionchar a bheidh ag na híocaíochtaí cnapshuime nua d'fheirmeoirí agus do FBManna san earnáil próiseála bia. Táthar ag tuar go dtabharfar saoradh CETFT 2014-2022 i gcrích i dtreo 2026 le linn an phróisis dúnta. Níltear ag súil le saoradh i gcoinne Phlean Straitéiseach CBT 2023-2027 sula ndúnfar iad (i.e. i dtreo 2029-2030), agus ní chlúdaítear iad sa tuarascáil seo.

### Cláir agus ceannteidil eile

Maidir leis na cláir atá á mbainistiú go lárnach ag an gCoimisiún, tá an réamhaisnéis maidir le saoradh bunaithe ar an bhfaisnéis is déanaí ar leibhéal an tionscadail. Mar ghné nua, breithnítear réamhaisnéis maidir le saoradh i gcoinne chláir nua CAI, agus rátaí stairiúla um shaoradh na gclár ábhartha a bhí ann roimhe seo á n-úsáid mar bhonn. Déantar an saoradh a réamhaisnéisiú don tréimhse iomlán a chuimsítear sa tuarascáil. Bhraithfeadh an bhliain bheacht um shaoradh ar phróiseas dúnta na dtionscadal agus na ngníomhaíochtaí aonair agus ní féidir é sin a réamhaisnéisiú le cruinneas.

## 2.4. Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh

Is ionstraim éigeandála shealadach é Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh le haghaidh bearta freagartha géarchéime, téarnaimh agus athléimneachta. Is éard atá sa chuid neamh-inaisíoctha d'Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh eile ná ioncam sannta seachtrach agus úsáidtear é chun tacú go tapa le tosaíochtaí athchóirithe agus chun roinnt príomhchlár don téarnamh a neartú. Chun tionchar Ionstraim

Théarnaimh an Aontais Eorpaigh a chur i láthair ar bhealach trédhearcach, déantar na meastacháin ar chur chun feidhme ionchais an ioncaim sheachtraigh shannta a dhréachtaigh ar leithligh do gach clár (féach Tábla 3). Bunaítear an réamhaisnéis bunaithe ar na tráthchodanna gealltanas bliantúil a chuirtear ar fáil sa chláreagrú airgeadais a ghabhann le Dréachtbhuiséad 2023.

Is í an chuid is tábhachtaí d'Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh an **tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF)**, arb ionann é agus 80 % de na leithdháiltí neamh-inaisíoctha[xx]. Dá bhrí sin, is de réir luas na n-eisíocaíochtaí le haghaidh an RRF a shocraítear eis-sreafaí Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh den chuid is mó. Tá an tSaoráid ag céim an chur chun feidhme, agus tá dul chun cinn tapa déanta aici de réir amlíne na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí atá leagtha amach ag na Ballstáit. Faoi dheireadh mhí na Bealtaine, 2022, bhí a bpleananna téarnaimh agus athléimneachta curtha isteach go foirmiúil ag 26 Ballstát[xxi]. Lean an Coimisiún le híocaíocht réamh-mhaoinithe de suas le 13 % den ranníocaíocht airgeadais do 21 Ballstát a d'iarr í. I gcomhréir le Rialachán RRF, ní féidir aon íocaíocht réamh-mhaoinithe bhreise a dhéanamh d'aon Bhallstát (i ndiaidh an 31 Nollaig 2021). Leanann eisíocaíochtaí an measúnú dearfach maidir le hiarratais ar íocaíochtaí faoi RRF a fhéadfar a chur isteach suas le dhá uair sa bhliain i ndiaidh na garspriocanna agus na spriocanna arna mbunú i gCinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle arna nglacadh de bhun Rialachán RRF a bhaint amach. Tá an réamhaisnéis íocaíochtaí thar 2023-2027 bunaithe ar na pleananna a glacadh, arna measúnú ag an gCoimisiún, maidir leis na sonraí arna dtuairisciú ag na Ballstáit mar chuid dá n-oibleagáidí tuairiscithe, agus maidir le forbairtí i gcur chun feidhme na Saoráide go dtí lár mhí na Bealtaine 2022.

Is é **REACT-EU** an dara hionstraim is mó d'Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh, agus is ionann é agus 12 % den tacaíocht neamh-inaisíoctha. Soláthraítear ceangal leis idir tréimhsí cláreagraithe 2014-2020 agus tréimhsí cláreagraithe 2021-2027 don bheartas comhtháthaithe, ag dáileadh acmhainní breise in 2021 agus 2022 trí chuid de na cistí beartais comhtháthaithe atá ann cheana. Déantar gealltanais REACT-EU thar dhá bhliain (2021-2022). Dírítear na híocaíochtaí eatramhacha agus deiridh thar 2022-2024, i gcomhréir le cuspóirí REACT-EU chun soláthar a bhrostú trí chláir atá ann cheana a úsáid agus solúbthacht iomlán na rialacha cur chun feidhme a sholáthar. I gcomparáid le réamhaisnéis na bliana seo caite, tá íocaíochtaí níos tús-ualaithe fós toisc go bhféadfaidh na Ballstáit maoiniú a úsáid faoi REACT-EU chun aghaidh a thabhairt ar shruthanna daoine a bhí ag teitheadh ón Úcráin i ndiaidh ionradh na Rúise le déanaí. Chun luathú eisíocaíocht na gcistí atá fágtha a éascú, leasaíodh an reachtaíocht chun go bhféadfaí[xxii] na híocaíochtaí réamh-mhaoinithe agus na roghanna simplithe costais a mhéadú. Táthar ag súil go mbeidh roinnt teoranta d'íocaíochtaí dúnta faoi dheireadh 2025.

Glacann na cúig chlár[xxiii] eile a dtugtar tacaíocht ina leith trí Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh an 8 % eile den leithdháileadh tacaíochta neamh-inaisíoctha. Sa réamhaisnéis íocaíochtaí cuirtear taithí na gclár roimhe sin san áireamh, ag cur san áireamh timthriall na ngealltanas níos gairide agus an fócas ar riachtanais téarnaimh láithreacha. Tá tionchar ag an moill ar ghlacadh an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na reachtaíochta clár-shonraigh ar an **gCiste um Aistriú Cóir**, ciste atá go hiomlán nua. Táthar ag súil le glacadh fhormhór chláir na mBallstát ag druidim le deireadh 2022, agus tá sé réamh-mheasta go ndéanfar beagnach gach eisíocaíocht a scaipeadh thar 2023-2026. Maidir le **InvestEU**, léirítear sa réamhaisnéis sceideal soláthair ionchais na ráthaíochta buiséadaí chomh maith leis an réamhaisnéis íocaíochta do Mhol Comhairleach InvestEU agus do Thairseach InvestEU.

Glactar leis sa réamhaisnéis go ndéanfar gach acmhainn eile de chuid Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh le haghaidh gníomhaíochtaí oibríochtúla faoi dheireadh 2023 agus go gcumhdófar iad le híocaíochtaí go dtí deireadh 2026, arb iad sin na teorainneacha ama arna mbunú leis an reachtaíocht is infheidhme. Ní mheastar aon saoradh dá bhrí sin.

## 2.5. Teacht chun cinn leibhéal na ngealltanas le híoc

Tharlódh buaicphointe stairiúil RAL sa tréimhse 2021-2027 ag deireadh 2023, nuair a d'fhéadfadh sé a bheith os cionn EUR 458 mbilliún. Is éifeacht shealadach é sin mar thoradh Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme. Ag tosú in 2024, déanfar an RAL a bhaineann le hIonstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh a shocrú de réir a chéile go dtí deireadh 2026 nuair a chaithfidh na híocaíochtaí maidir le gealltanais Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh a bheith curtha i gcrích.

I bhfianaise an RAL a eascraíonn as CAI 2021-2027 agus an CAI roimhe sin, féadfar a bheith ag súil, go carnach, le méadú ainmniúil thart ar EUR 55 bhilliún (+21 %) ag deireadh 2027 i gcomparáid le tús na tréimhse tagartha. Tá an t-athrú sin ar an RAL inchomparáide le méid sciar bhliantúil gealltanais sa bheartas comhtháthaithe. Ós rud é gurb ionann comhtháthú agus an sciar is mó i stoc RAL, tá baint ar leith aige lena theacht chun cinn. Leis an gcomhaontú chun riail saortha N+3 a choinneáil, mar aon leis na moilleanna sa phróiseas cláreagraithe nua, déantar íocaíochtaí a ualú chun deiridh ag druidim le deireadh CAI agus sna blianta ina dhiaidh sin (féach pointe 2.1). Is é an toradh a bhíonn air sin freisin go ndéantar roinnt rómheastachán ar mhéadú RAL toisc go ngabhann sé an t-athrú idir bliain agus RAL íseal (ag deireadh 2022 íocfar codanna móra de na gníomhaíochtaí cur i gcrích ach tá formhór na ngealltanas nua le haghaidh beartas comhtháthaithe le déanamh go fóill) agus bliain ina mbeidh buaic-RAL (ag deireadh 2027 déanfar na gealltanais go léir don bheartas comhtháthaithe ach déanfar níos mó ná leath na n-íocaíochtaí sna blianta amach romhainn).

Nuair a dhéantar é a thomhas i gcoinne mhéid gheilleagar AE, is ag laghdú atá RAL i ndáiríre. Ó thús 2023 go dtí deireadh 2027, tá sé réamh-mheasta go laghdóidh RAL (gan Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh san áireamh) ó leibhéal 1.7 % go 1.6 % d'Ollioncam Náisiúnta AE. Léiríonn sé sin gur mó fás ainmniúil RAL ná fás ainmniúil gheilleagar AE.

**Cairt 4 – Teacht chun cinn leibhéal na ngealltanas le híoc (RAL) thar 2023-2027, arna tomhas i gcéatadán Ollioncam Náisiúnta an Aontais**



# 3. Réamhaisnéis ar insreafaí bhuiséad an Aontais Eorpaigh 2023-2027

Maoinítear buiséad an Aontais Eorpaigh trí acmhainní dílse agus ioncam eile. Ina theannta sin, tugadh an chumhacht don Aontas cistí a fháil ar iasacht chun Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh a mhaoiniú. Tá leas á bhaint ag an gCoimisiún as na cistí trí oibríochtaí ar mhargaí caipitil idirnáisiúnta, i gcomhréir leis na riachtanais um maoiniú chláir chaiteachais Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (féach pointe 2.4). Chuige sin, leanann an Coimisiún straitéis maoinithe éagsúlaithe agus, mar chuid den straitéis[xxiv] sin, foilsíonn sé cinntí bliantúla maidir le hiasachtaí agus pleananna maoinithe sé mhí. Díríonn an réamhaisnéis reatha ar an ioncam is gá chun an caiteachas buiséid laistigh de CAI a mhaoiniú.

Cinntear méid foriomlán na n-acmhainní dílse a theastaíonn chun an buiséad a mhaoiniú leis an gcaiteachas iomlán lúide ioncam eile. Dá réir sin, tá an réamhaisnéis maidir le hioncam bhuiséadach an Aontais Eorpaigh do 2023-2027 bunaithe ar an bprionsabal nach mór caiteachas a mheaitseáil le hioncam; dá bhrí sin, is ionann ioncam iomlán agus caiteachas iomlán.

Ó 2021 i leith, i gcomhréir leis an gComhaontú um Tharraingt Siar (cuid V), rinne an Ríocht Aontaithe ranníocaíocht le buiséad an Aontais Eorpaigh i ndáil le gealltanais gan íoc ó chreataí airgeadais ilbhliantúla roimhe seo. Áirítear leis sin RAL ag deireadh 2020, chomh maith le pinsin agus dliteanais eile a leagtar síos sa socrú airgeadais. Is ionann ranníocaíocht na Ríochta Aontaithe agus ‘ioncam eile‘ de chuid bhuiséad an Aontais Eorpaigh agus ní cuid d'acmhainní dílse an Aontais í. Déanfar í a chéimniú amach de réir a chéile, de réir mar a shocrófar na gealltanais gan íoc.

Maidir le gnéithe ilghnéitheacha eile nach cuid d'acmhainní dílse an Aontais iad, glactar leis go mbeidh siad seasta ar bhonn ainmniúil i gcónaí ar leibhéal Dhréachtbhuiséad 2023.

Is ionann an chuid eile den mhaoiniú – ranníocaíochtaí náisiúnta agus dleachtanna custaim – agus an chuid is mó den ioncam a theastaíonn chun caiteachas an bhuiséid a chothromú. Tá an réamhaisnéis ioncaim bunaithe ar pharaiméadair an Chinnidh maidir le hAcmhainní Dílse 2020, lenar tugadh isteach acmhainn dhílis nua bunaithe ar dhramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach neamh-athchúrsáilte. Áirítear leis na réamh-mheastacháin freisin an acmhainn dhílis bheachtaithe bunaithe ar an gCáin Bhreisluacha chomh maith le ráta coinneála méadaithe na ndleachtanna custaim sna Ballstáit lena gcostais bhailiúcháin a chlúdach. Ní bhreithnítear iontu na tograí ón gCoimisiún maidir le hacmhainní dílse nua an 22 Nollaig 2021[xxv]. Tá feidhm aige sin freisin maidir le tograí amach anseo a gheall an Coimisiún go gcuirfeadh sé i láthair iad i gcomhréir leis an gcomhaontú idirinstitiúideach (IIA)[xxvi].

Ar an meán don tréimhse 2023-2027, réamh-mheastar go mbeidh na ranníocaíochtaí náisiúnta cothrom le EUR 146 bhilliún in aghaidh na bliana nó 0.8 % d'ollioncam náisiúnta an Aontais Eorpaigh. Is le timthriall caiteachais agus céimniú amach ranníocaíocht na Ríochta Aontaithe a chinntear forbairt na ranníocaíochtaí náisiúnta thar thréimhse na réamhaisnéise go príomha. Ó 2025 i leith, tríd an gcaiteachas a mhéadú a bheidh mar thoradh ar na cláir nua atá ag teacht isteach ag luas seasta agus ranníocaíocht na Ríochta Aontaithe i leith chéimniú amach RAL, coinneofar na ranníocaíochtaí náisiúnta ag méadú go seasta go dtí 2027.

**Cairt 5 - Réamhaisnéis Ioncaim chun CAI 2023-2027 a mhaoiniú (in EUR billiún)**




In aon bhliain ar leith, ní fhéadfaidh na hacmhainní dílse iomlána arna mbailiú ag an Aontas dul thar an uasteorainn acmhainní dílse atá socraithe sa Chinneadh maidir le hAcmhainní Dílse[xxvii] de 1.40 % d'Ollioncam Náisiúnta Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, maille le méadú sealadach breise 0.6 % d'olltáirgeacht intíre an Aontais Eorpaigh chun dliteanais uile an Aontais a chumhdach ó iasachtaí a fuarthas ar na margaí caipitil chun Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh a mhaoiniú. Cé go bhfuil sé réamh-mheasta go dtiocfaidh fás seasta ar acmhainní dílse go dtí 2027, táthar ag súil go mbeidh an corrlach atá ar fáil faoin uasteorainn Acmhainní Dílse (ar a dtugtar “seomra cinn ”) cobhsaí den chuid is mó toisc go bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh méadú de réir a chéile ar Ollioncam Náisiúnta an Aontais thar an tréimhse thagartha[xxviii]. Is ionann an lamháil agus EUR 187 mbilliún ar an meán thar an tréimhse, agus is ionann sin agus EUR 104 bhilliún don mhéadú ar Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh.

Déantar soláthar i mbuiséad an Aontais Eorpaigh i leith íocaíochtaí úis as na cistí a fuarthas ar iasacht agus a leithdháileadh ar thacaíocht neamh-inaisíoctha faoi Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh ó cuireadh tús le hiasachtaí in 2021. Déantar na hacmhainní dílse atá riachtanach chun na costais sin a mhaoiniú a chomhaireamh laistigh den mhéadú sealadach de 0.6 % d'ollioncam náisiúnta an Aontais Eorpaigh de réir uasteorann na nAcmhainní Dílse. Sna blianta 2021-2027, tá sé beartaithe EUR 14.7 billiún san iomlán a chur ar fáil chun na costais a bhaineann le hIonstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh a mhaoiniú[xxix]. Tá na costais bheartaithe mar thoradh ar próifíl ualaithe chun deiridh chun teacht le rolladh amach céimneach na n-iasachtaí. Ag an am céanna, tá éiginnteacht ann a bhaineann le costas maoinithe an NGEU i bhfianaise an mhéadaithe thapa agus shuntasaigh ar rátaí úis ar na margaí airgeadais ó mhí na Nollag 2021 i leith.

# 4. Conclúidí

**Rinneadh an réamhaisnéis reatha a dhréachtú i gcomhthéacs neamhchinnteacht ard mar thoradh ar an gcogadh san Úcráin.** Leis na tionscnaimh a cuireadh ar aghaidh cheana féin chun tacú leis na Ballstáit agus le hearnálacha sonracha, éascaítear ionsú iomlán agus íocaíochtaí luathaithe do chláir atá ar siúl. Le hionstraimí maoinithe seachtracha tá níos mó maoinithe á chur ar fáil don Úcráin agus do na tíortha comhpháirtíochta comharsanachta. As seo amach, meastar go mbeidh na héilimh ard i gcónaí, rud a chiallaíonn eisíocaíochtaí roimh ré ó ionstraimí buiséid ábhartha an Aontais Eorpaigh, mar a léirítear sa réamhaisnéis.

**Is leor uasteorainn íocaíochta CAI fós chun na híocaíochtaí réamh-mheasta i ngach ceann de na cúig bliana amach romhainn a chumhdach a bhuí le sásraí CAI le haghaidh coigeartú uathoibríoch**, go háirithe an fhéidearthacht méideanna nár úsáideadh a aistriú i dtreo dheireadh na tréimhse nuair a bheidh na riachtanais ag buaicleibhéal. Is é EUR 1.3 billiún, nó tuairim agus an méid sin, an glanchorrlach thar 2023-2027, áfach. Ní mór dlúthmhonatóireacht a dhéanamh ar a mhéid amach anseo, go háirithe chun na héifeachtaí a thomhas a d'fhéadfadh a bheith ag tionscnaimh nua bheartais nó ag luathú breise íocaíochtaí le haghaidh cláir leanúnacha.

**Cé go bhfuil dul chun cinn déanta maidir le cláir leanúnacha a chur i gcrích, mar thoradh ar ghlacadh déanach phacáiste reachtach CAI 2021-2027 de dheasca phaindéim COVID-19 tharla níos mó moilleanna ag tús CAI agus tá na rioscaí um shaoradh níos airde ná mar a measadh a bheidís** i gcás fhormhór na gclár nua i mbainistíocht chomhroinnte. Fágann sin gur sa chuid eile de CAI a bheidh formhór na riachtanais íocaíochta. Iarmhairt eile is ea an t-ardú ar an riosca go dtarlóidh caillteanais iarbhír cistí i mblianta deiridh na tréimhse cláreagraithe de bharr saoradh uathoibríoch mura ndéanfaidh na Ballstáit iarrachtaí na moilleanna tosaigh a chúiteamh, moilleanna a bhain leis an tréimhse ó na chéad bhlianta den chur chun feidhme iarbhír.

**A bhuí le tacaíocht Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh d' infheistíochtaí agus d'athchóirithe, beidh buiséad an Aontais fós i gcroílár théarnamh eacnamaíoch iar-COVID na hEorpa sna blianta amach romhainn,** nuair a thiocfaidh deireadh leis na cláir CAI a bhí ann roimhe sin agus sula mbeidh na cláir nua faoi lán seoil**.** An gá atá le cistí Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme roimh an spriocdháta le haghaidh eisíocaíochtaí faoi 2026, d'fhéadfadh sé difear a dhéanamh do chumas na mBallstát iarrachtaí breise dhéanamh chun dlús a chur le seoladh na tréimhse cláreagraithe nua le haghaidh cistí i mbainistíocht chomhroinnte faoi CAI.

**Beidh éifeacht shealadach ag an tionscnamh ó na saoránaigh freisin ar leibhéal na ngealltanas le híoc ag an Aontas Eorpach,** a shroichfidh buaicleibhéal ag deireadh 2023 agus a fhillfidh de réir a chéile ar leibhéil atá inchomparáide le tús thréimhse CAI faoi dheireadh 2027. Cé go méadóidh an RAL go hainmniúil ag deireadh CAI i gcomparáid le 2023, nuair a thomhaistear é mar sciar d'Ollioncam Náisiúnta an Aontais laghdaítear an RAL, rud a léiríonn gur mó an fás ainmniúil ar gheilleagar an Aontais ná carnadh na ngealltanas le híoc ó bhuiséad an Aontais.

**An t-ioncam tuartha (acmhainní dílse AE den chuid is mó) a bheidh riachtanach chun an buiséad a mhaoiniú, tiocfaidh fás seasta air de réir a chéile i gcomhréir le caiteachas CAI**. Mar sin féin, beidh méid an chorrlaigh atá ar fáil faoi uasteorainn na nAcmhainní Dílse (an 'lamháil') réasúnta cobhsaí i gcónaí de réir mar a thiocfaidh na riachtanais ioncaim mhéadaithe, ar thaobh amháin, bord ar bhord leis an bhfás ainmniúil réamh-mheasta ar gheilleagar AE, ar an taobh eile.

# Iarscríbhinn I – Torthaí na réamhaisnéise*

**Tá na luachanna go léir in EUR billiún, praghsanna reatha, mura sonraítear a mhalairt. Mar gheall ar shlánú, féadfaidh sé nach réitíonn roinnt suimeanna iomlána le chéile.*

## Tábla 1.1 – Réamhaisnéis fhadtéarmach eis-sreafaí amach anseo thar 2023-2027 le haghaidh CAI

| Bliain | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ***Uasteorainn na nGealltanas*** | *182.7* | *184.3* | *187.9* | *179.7* | *185.4* | ***919.9*** |
| ***Uasteorainn Íocaíochtaí*** | *168.6* | *168.9* | *172.2* | *175.7* | *179.2* | ***864.5*** |
| *Ina theannta sin, coigeartú le haghaidh Airteagal 5 Rialachán CAI (meastachán do bhlianta amach anseo)* | *0.0* | *1.7* | *1.7* | *1.8* | *4.2* | ***9.4*** |
| Gealltanais (cláreagraithe )* | *185.7* | *187.4* | *192.2* | *183.0* | *191.0* | ***939.4*** |
| Íocaíochtaí Réamhaisnéise* | *166.3* | *158.0* | *176.3* | *182.8* | *193.9* | ***877.3*** |
| *Lena mbaineann Ionstraimí Speisialta*** | *3.2* | *0.1* | *1.2* | *0.0* | *0.0* | ***4.6*** |

## Tábla 1.2 – Íocaíochtaí i ndáil le gealltanais CAI 2021-2027

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **1 An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Inneachar Digiteach** | 15.5 | 18.2 | 21.0 | 22.2 | 22.8 | **99.8** |
| **2 Comhtháthú, Athléimneacht agus Luachanna** | 11.8 | 25.5 | 53.3 | 58.9 | 76.1 | **225.6** |
| 2.1 Comhtháthú Eacnamaíoch, Sóisialta agus Críochach | 5.4 | 16.9 | 44.0 | 48.1 | 63.0 | **177.4** |
| 2.2 Athléimneacht agus Luachanna | 6.4 | 8.5 | 9.3 | 10.8 | 13.1 | **48.2** |
| **3 Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol** | 46.1 | 56.1 | 58.8 | 61.0 | 56.9 | **278.9** |
| 3.1 Caiteachas a bhaineann leis an margadh agus íocaíochtaí díreacha | 40.7 | 41.6 | 41.8 | 41.9 | 42.0 | **208.1** |
| 3.2 Cláir eile faoi Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol | 5.4 | 14.5 | 17.0 | 19.1 | 14.9 | **70.8** |
| **4 Imirce agus Bainistiú Teorainneacha** | 2.4 | 3.8 | 4.4 | 4.7 | 4.8 | **20.1** |
| **5 Slándáil agus Cosaint** | 0.9 | 1.8 | 1.9 | 2.3 | 2.3 | **9.2** |
| **6 An Chomharsanacht agus an Domhan** | 9.5 | 13.0 | 15.0 | 15.7 | 15.6 | **69.0** |
| **7 An Riarachán Poiblí Eorpach** | 11.4 | 11.8 | 12.2 | 12.6 | 13.0 | **61.0** |
| **Ionstraimí Speisialta** | 2.7 | | 1.1 | | | **3.8** |
| **Iomlán** | **100.3** | **130.3** | **167.8** | **177.4** | **191.6** | **767.4** |

## Tábla 1.3 – Íocaíochtaí as gealltanais roimh 2021 a chur i gcrích

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **1 An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Inneachar Digiteach** | *5.4* | *4.1* | *3.1* | *1.8* | *1.3* | ***15.6*** |
| **2 Comhtháthú, Athléimneacht agus Luachanna** | *44.0* | *18.0* | *1.3* | *1.2* | *0.2* | ***64.6*** |
| 2.1 Comhtháthú Eacnamaíoch, Sóisialta agus Críochach | *43.7* | *17.7* | *1.2* | *1.1* | *0.2* | ***63.9*** |
| 2.2 Athléimneacht agus Luachanna | *0.3* | *0.3* | *0.1* | *0.1* | *0.0* | ***0.7*** |
| **3 Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol** | *11.4* | *1.0* | *0.4* | *0.4* | *0.1* | ***13.3*** |
| 3.1 Caiteachas a bhaineann leis an margadh agus íocaíochtaí díreacha | *0.0* | | | | | ***0.0*** |
| 3.2 Cláir eile faoi Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol | *11.4* | *1.0* | *0.4* | *0.4* | *0.1* | ***13.3*** |
| **4 Imirce agus Bainistiú Teorainneacha** | *0.7* | *0.5* | *0.1* | *0.0* | *0.0* | ***1.3*** |
| **5 Slándáil agus Cosaint** | *0.2* | *0.2* | *0.2* | *0.1* | *0.0* | ***0.7*** |
| **6 An Chomharsanacht agus an Domhan** | *4.2* | *3.9* | *3.5* | *1.9* | *0.7* | ***14.2*** |
| **Iomlán** | ***65.9*** | ***27.7*** | ***8.5*** | ***5.4*** | ***2.4*** | ***109.8*** |

** Áirítear ar na iomlán na ngealltanas agus na n-íocaíochtaí measta leithreasuithe a eascraíonn as Airteagal 5 de Rialachán CAI agus as Airteagal 15(3) den Rialachán Airgeadais. Ní chuirtear corrlaigh neamh-leithdháilte san áireamh.*

*** Cumhdaítear leis na méideanna le haghaidh ionstraimí speisialta an Cúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála, an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú,Cúlchiste Coigeartaithe Brexit agus an Ionstraim Sholúbthachta. Sna táblaí ina dhiaidh sin, áirítear na híocaíochtaí a bhaineann le slógadh na hIonstraime Solúbthachta sna ceannteidil faoi seach.*

## Tábla 2 – Réamhaisnéis maidir le saoradh

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Críoch | CAI | Iomlán |
|---|---|---|---|
| **1 An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Inneachar Digiteach** | *1.5* | *1.5* | ***3.0*** |
| **2 Comhtháthú, Athléimneacht agus Luachanna** | *0.7* | *1.0* | ***1.7*** |
| 2.1 Comhtháthú Eacnamaíoch, Sóisialta agus Críochach | *0.4* | *0.4* | ***0.8*** |
| 2.2 Athléimneacht agus Luachanna | *0.3* | *0.7* | ***0.9*** |
| **3 Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol** | *0.8* | *0.8* | ***1.5*** |
| 3.2 Cláir eile faoi Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol | *0.8* | *0.8* | ***1.5*** |
| **4 Imirce agus Bainistiú Teorainneacha** | *0.3* | *0.5* | ***0.8*** |
| **5 Slándáil agus Cosaint** | *0.1* | *0.1* | ***0.1*** |
| **6 An Chomharsanacht agus an Domhan** | *0.1* | *0.3* | ***0.4*** |
| **Iomlán** | ***3.4*** | ***4.1*** | ***7.6*** |

## Tábla 3 – Réamhaisnéis fhadtéarmach na n-eis-sreafaí le haghaidh Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh

| Clár | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Fís Eorpach** | *1.8* | *1.3* | *0.4* | *0.1* | *0.0* | ***3.5*** |
| **Ciste InvestEU** | *1.2* | *1.2* | *1.0* | *1.2* | *0.0* | ***4.7*** |
| **Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE)** | *10.0* | *3.5* | *1.1* | *0.0* | *0.0* | ***14.6*** |
| **Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE)** | *5.5* | *6.2* | *2.4* | *0.0* | *0.0* | ***14.1*** |
| **An tSaoráid Eorpach Téarnaimh agus Athléimneachta** | *76.4* | *56.9* | *38.5* | *50.6* | *0.0* | ***222.4*** |
| **An Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (rescEU)** | *0.5* | *0.8* | *0.2* | *0.2* | *0.2* | ***1.9*** |
| **Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT)** | *2.4* | *2.1* | *1.4* | *0.7* | *0.0* | ***6.6*** |
| **Ciste um Aistriú Cóir** | *0.2* | *2.4* | *4.0* | *4.1* | *0.0* | ***10.7*** |
| **Iomlán** | ***98.0*** | ***74.5*** | ***48.9*** | ***56.8*** | ***0.2*** | ***278.4*** |

## Tábla 4 – Athrú ar na gealltanais iomlána le híoc ó 2023 go 2027

| Foinse | RAL tús 2023* (meastachán) | Gealltanais 2023-2027 | Íocaíochtaí 2023-2027 | Saoradh 2023-2027 | RAL deireadh-2027 |
|---|---|---|---|---|---|
| **CAI** | 259.8 | 939.4 | 877.3 | 7.6 | 314.4 |
| **NGEU** | 165.4 | 113.0 | 278.4 | | 0.0 |
| **Iomlán** | **425.1** | **1052.5** | **1155.6** | **7.6** | **314.4** |

** Áirítear le RAL ag tús 2022 EUR 3.3 billiún arna ghiniúint ó ranníocaíochtaí tríú tír le cláir shonracha CAI 2014-2020, nach gcuimsítear sa tábla.*

## Tábla 5 – Réamhaisnéis fhadtéarmach maidir le hinsreafaí bhuiséad AE amach anseo thar 2023-2027

| | | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ***Uasteorainn acmhainní dílse in % d'Ollioncam Náisiúnta AE*** | | ***2,00 %*** | ***2,00 %*** | ***2,00 %*** | ***2,00 %*** | ***2,00 %*** | ***neamh bhainte ach*** |
| *lena mbaineann méadú sealadach le haghaidh NGEU* | | *0,60 %* | *0,60 %* | *0,60 %* | *0,60 %* | *0,60 %* | *neamhb haintea ch* |
| ***Uasteorainn na n-acmhainní dílse arna sloinneadh in EUR billiún**** | *a* | *326,9* | *342.0* | *357.0* | *371.8* | *386.3* | ***neamh bhainte ach*** |
| *lena mbaineann méadú sealadach le haghaidh NGEU* | *a'* | *98.1* | *102.6* | *107.1* | *111.5* | *115.9* | *neamhb haintea ch* |
| Glanmhéid na n-acmhainní dílse traidisiúnta** | *b* | *21.6* | *22.6* | *23.6* | *24.6* | *25.6* | *118.0* |
| Ranníocaíochtaí náisiúnta*** | *c* | *132.6* | *127.7* | *148,4* | *155,1* | *165.5* | *729,4* |
| **Iomlán na n-acmhainní dílse** | *d =b+c* | *154.2* | *150,4* | *172,0* | *179,7* | *191,2* | *847,4* |
| *lena mbaineann acmhainní dílse a bhaineann le dliteanais NGEU* | *d'* | *1.0* | *2.1* | *2.7* | *3.7* | *5.0* | *14.5* |
| Ioncam eile (ranníocaíocht shealadach ón Ríocht Aontaithe san áireamh) | *e* | *12.1* | *7.6* | *4.3* | *3.1* | *2.7* | *29.8* |
| **IONCAM IOMLÁN** | ***d+e*** | ***166.3*** | ***158.0*** | ***176,3*** | ***182,8*** | ***193,9*** | ***877,3*** |
| ***Corrlach atá ar fáil faoi uasteorainn na nAcmhainní Dílse*** | *a-d* | *172,7* | *191,6* | *185,0* | *192,1* | *195,1* | *neamhb haintea ch* |
| *dá bhfuil corrlach faoin méadú sealadach ar NGEU* | *a'-d'* | *97.0* | *100.5* | *104.4* | *107.8* | *110.9* | *neamhb haintea ch* |

** Uasteorainn na n-acmhainní dílse - arna ríomh ar bhonn réamhaisnéis eacnamaíoch an Earraigh 2022 d'Ollioncam Náisiúnta AE27 le haghaidh 2023-2027*

*** Déantar acmhainní dílse traidisiúnta a mheas ar bhonn ráta coinneála 25 % i gcomhair costais bhailiúcháin.*

**** Áirítear leis na ranníocaíochtaí náisiúnta acmhainn dhílis bunaithe ar Ollioncam Náisiúnta, acmhainn dhílis athchóirithe bunaithe ar Cháin Bhreisluacha agus an acmhainn dhílis nua bunaithe ar dhramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach neamh-athchúrsáilte.*

[i] Mura sonraítear a mhalairt, sloinntear gach suim sa tuarascáil i bpraghsanna reatha.

[ii] Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil le haghaidh na mblianta 2021 go 2027 (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 11).

[iii] Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle lena mbunaítear Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19, IO L 433I , 22.12.2020, lch. 23 ('Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh').

[iv] COM(2021)343, 30.6.2021.

[v] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n- aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

[vi] COM(2022) 400 - Meitheamh 2022.

[vii] COM(2022) 80 final, 28.1.2022.

[viii] Déantar foráil le hAirteagal 5 de Rialachán CAI i leith leithdháileadh breise leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus íocaíochtaí le haghaidh liosta réamhshainithe clár, i gcomhair méid atá coibhéiseach leis an ioncam ó fhíneálacha iomaíochta, mar a iontráiltear é i mbuiséad na bliana n-1 i gcomhréir le hAirteagal 107 den Rialachán Airgeadais.

[ix] Déantar foráil le hAirteagal 15(3) den Rialachán Airgeadais go bhféadfar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a chomhfhreagraíonn do mhéid an tsaortha a rinneadh i ndáil le tionscadail taighde a chur ar fáil arís chun tairbhe an chláir thaighde a bhaineann leis na tionscadail nó chun tairbhe an chláir ina dhiaidh sin i gcomhthéacs an nós imeachta bhuiséadaigh.

[x] Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n- aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom, IO L 424, 15.12.2020, lch. 1.

[xi] IO C66 I, 19.2.2019, lch. 1.

[xii] COM(2021)365, 7.6.2021 agus COM(2022)266, 7.6.2022.

[xiii] Mar threoir, le réamhaisnéis fhadtéarmach 2021 bhíothas ag súil le moill a bheadh inchomparáide leis an tréimhse 2014-2020 nuair ba ghá thart ar leath na méideanna a bhí dlite sa chéad bhliain den chur chun feidhme a chur siar.

[xiv] COM(2022) 231 final, 18.5.2022

[xv] COM(2022) 57 final, 15.2.2022.

[xvi] COM(2022) 46, 8.2.2022.

[xvii] Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit, IO L 357, 8.10.2021, lch. 1-26

[xviii] COM(2022) 109 final, 8.3.2022.

[xix] COM(2022) 242 final, 20.5.2022.

[xx] I bhfianaise an tsásra seachadta atá bunaithe ar éileamh, níl aon réamhaisnéis ar fáil maidir le comhpháirt iasachta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta (mar an gcéanna le hionstraimí eile atá bunaithe ar iasachtaí a chuirtear chun feidhme lasmuigh den bhuiséad).

[xxi] Déantar plé le Ballstát amháin ar bhonn dréachtphlean.

[xxii] Rialachán (AE) 2022/613 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Aibreán 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 a mhéid a bhaineann le réamh-mhaoiniú méadaithe ó acmhainní REACT-AE agus le costas aonaid a bhunú, IO L 115, 13.4.2022, lch. 38-41.

[xxiii] An Ciste um Aistriú Cóir, an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe, Fís Eorpach, ciste InvestEU agus an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (RescEU)

[xxiv] COM(2021) 250 final, 14.4.2021.

[xxv] COM(2021) 570 final, 22.12.2021.

[xxvi] Iarscríbhinn II, cuid B den Chomhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár maidir le Comhaontú Idirinstitiúideach um acmhainní dílse nua a thabhairt isteach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, maidir le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní

dílse nua, lena n-áirítear treochlár chun acmhainní dílse nua a thabhairt isteach, IO L 433I, 22.12.2020, lch. 28–46.

[xxvii] Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020, IO L 424/1, 15.12.2020

[xxviii] An Coimisiún Eorpach, Réamhaisnéis Eacnamaíoch na hEorpa, Earrach 2022: Réamhaisnéis Eacnamaíoch na hEorpa.Earrach 2022 | An Coimisiún Eorpach (europa.eu), (https://ec.europa.eu/info/publications/european-economic-forecast-spring-2022_en)

[xxix] Gan dochar d'acmhainní dílse nua a thabhairt isteach d'fhonn Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh agus costais úis a chumhdach.